Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11840/21

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2021/0211(COD)**
**2021/0200(COD)**
**2021/0201(COD)**
**2021/0197(COD)**
**2021/0206(COD)**

**ENV 636**
**CLIMA 242**
**ENER 380**
**TRANS 553**
**ECOFIN 845**
**AGRI 422**
**FORETS 45**
**MI 672**
**CODEC 1230**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An pacáiste 'Oiriúnach do 55' (Fit for 55)<br>a) Athbhreithniú ar Threoir (AE) 2003/87/CE lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa chun uaillmhian an sprioc aeráide nua do 2030 agus na dtograí gaolmhara a chur chun feidhme<br>b) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh<br>c) Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh<br>d)Athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/631 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua<br>e) Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta<br>– Malartú tuairimí |

I bhfianaise an mhalartaithe tuairimí ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 6 Deireadh Fómhair 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, nóta cúlra agus ceisteanna a d'ullmhaigh an uachtaránacht chun struchtúr a chur ar an bplé.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna, mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a thabhairt dá aire agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle i bhfianaise an mhalartaithe tuairimí.

**IARSCRÍBHINN**

**- An Pacáiste 'Oiriúnach do 55' (Fit for 55) -**
**Nóta cúlra don mhalartú tuairimí**
**ag an gComhairle (Comhshaol) an 6 Deireadh Fómhair 2021**

**RÉAMHRÁ**

An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún Eorpach an pacáiste de thograí reachta dar teideal 'Oiriúnach do 55', arb é is aidhm dó creat an Aontais i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh a ailíniú le sprioc uaillmhianach nua aeráide an Aontais do 2030 glanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad agus dul i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith tograí a bhfuil dlúthnasc eatarthu lena leasaítear píosaí reachtaíochta atá ann cheana nó lena mbunaítear tionscnaimh nua ar fud raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha lena n-áirítear aeráid, fuinneamh, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht. Ina theannta sin, meastar go dtíolacfar roinnt tograí a bhaineann le fuinneamh ag deireadh 2021. Tá naisc dhíreacha nó indíreacha le codanna eile den phacáiste i bhformhór na dtograí agus is é is aidhm dóibh a chéile a threisiú.

Is é is aidhm do na tograí cur le cumas an Aontais a spriocanna a bhaint amach ar bhealach cóir, costéifeachtach agus iomaíoch agus rannchuidiú le haistriú glas agus cóir gheilleagar an Aontais i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Leis an athbhreithniú ar a chreat reachtach maidir leis an aeráid agus le fuinneamh, ba cheart don Aontas a bheith in ann a ghealltanais idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, go háirithe a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta i gcomhréir leis an uaillmhian mhéadaithe do 2030. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag na tograí ón gCoimisiún cur le téarnamh iar-Covid gheilleagar na hEorpa agus athléimneacht fadtéarmach an Aontais Eorpaigh.

Laistigh den Chomhairle, pléifear na tograí i gceithre fhoirmíocht de chuid na Comhairle: Comhshaol, Fuinneamh, Iompar agus Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais. Tá na cúig thionscnamh a bhaineann leis an aeráid a bpléitear faoi shainchúram na Comhairle Comhshaoil i gcroílár an phacáiste 'Oiriúnach do 55', le huaillmhian mhéadaithe Córas Trádála Astaíochtaí (ETS) an Aontais mar phríomhspreagthóir chomh maith le spriocanna náisiúnta níos airde sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus bearta chun linnte nádúrtha a mhéadú tríd an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún, agus foraoiseacht (LULUCF). Is é is aidhm do na caighdeáin $CO_2$ níos déine atá beartaithe le haghaidh gluaisteán agus veaineanna cabhrú leis na Ballstáit a spriocanna náisiúnta méadaithe a bhaint amach agus nuálaíocht teicneolaíochta a spreagadh san earnáil. Is é is aidhm don Chiste Aeráide Sóisialta aghaidh a thabhairt ar thionchair shocheacnamaíocha an chórais nua trádála astaíochtaí atá beartaithe le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar.

Cuireadh tús le plé le déanaí ar an leibhéal teicniúil maidir leis na tionscnaimh sin agus na measúnuithe tionchair a ghabhann leo. Tá na toscaireachtaí fós ag déanamh staidéir ar na tograí agus go dtí seo níl ach a dtuairimí ginearálta nó a réamhthuairimí curtha in iúl acu. Leagtar amach forbhreathnú ar na tionscnaimh thíos.

## PRÍOMHEILIMINTÍ NA dTOGRAÍ

### Athchóiriú ar Chóras Trádála Astaíochtaí (ETS) an Aontais[1]

Molann an Coimisiún tacar cuimsitheach athruithe ar **ETS atá ann faoi láthair** ar cheart laghdú foriomlán astaíochtaí 61 % faoi 2030 in earnálacha faoi ETS a bheith mar thoradh air i gcomparáid le leibhéil 2005, laghdú breise ón gcuspóir 43 % atá ann faoi láthair. Tá an uaillmhian mhéadaithe le baint amach trí shíneadh a chur le raon feidhme ETS agus na forálacha atá ann faoi láthair a neartú.

[1] Trí thogra atá san athchóiriú ar ETS: dhá thogra chun an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a leasú (leasaítear an Rialachán maidir le MRV ar Loingseoireacht agus an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh le ceann amháin de na tograí sin freisin) agus togra ar leithligh chun an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a leasú.

Go dtí seo, níor cuireadh an **earnáil mhuirí** faoi réir beart ceangailteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún astaíochtaí ón earnáil mhuirí a áireamh in ETS agus tabharfar isteach de réir a chéile iad idir 2023 agus 2026. Cumhdófar leis sin na hastaíochtaí go léir ó mhuiraistir laistigh den Aontas agus 50 % de mhuiraistir lasmuigh den Aontas[2].

Agus **uaillmhian ETS á neartú** is é an togra an príomheilimint chun an fachtóir laghdaithe línigh a mhéadú ó 2,2 % go 4,2 % in aghaidh na bliana, lena mbeidh conair níos géire ann chun líon na lamháltas astaíochtaí sa chóras a laghdú. Ina theannta sin, beidh laghdú aonuaire ar an uasteorainn ar líon iomlán na lamháltas agus, ag an am céanna, cuirfear lamháltas le méid na lamháltas chun síneadh an chórais chuig an earnáil mhuirí a chur san áireamh.

Leanfar d'fheidhm foriomlán a bheith ag na forálacha reatha maidir le **sceitheadh carbóin (leithdháiltí saor in aisce)** le coigeartuithe áirithe. Mar sin féin, i gcás na n-earnálacha sin ina bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM), déanfar an leithdháileadh saor in aisce a chéimniú amach de réir a chéile go dtí 2035 ar an gcaoi chéanna le céimniú isteach de réir a chéile an tobhaigh a bheidh le forchur le CBAM ar allmhairí ó 2026 ar aghaidh. Is iad iarann agus cruach, stroighin, leasacháin, alúmanam agus leictreachas na hearnálacha a bheidh le cumhdach ag CBAM.

Déanfar leithdháileadh saor in aisce don **eitlíocht** a chéimniú amach agus beidh feidhm iomlán ag ceantáil ó 2027. Beidh feidhm ag an bhfachtóir laghdaithe línigh maidir leis an eitlíocht freisin. Ba cheart do ETS leanúint d'fheidhm a bheith aige maidir le heitiltí laistigh den Eoraip (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe agus CH), agus beartaítear go mbeidh feidhm ag an scéim dhomhanda margadhbhunaithe, CORSIA, maidir le hoibreoirí an Aontais i gcás eitiltí lasmuigh den Aontas ar eitiltí chuig agus ó tríú tíortha atá rannpháirteach in CORSIA iad.

[2] Ní bheartaítear go gcuirfear na muiraistir lasmuigh den Aontas san áireamh chun an sprioc -55 % a bhaint amach.

Chun tacú leis an uaillmhian mhéadaithe sin, neartaítear méid an **Chiste don Nuachóiriú agus an Chiste don Nuálaíocht**, go háirithe trí leithdháileadh breise de 2,5 % ar an gCiste don Nuachóiriú a bheidh le dáileadh idir 12 Bhallstát ag a bhfuil OTI *per capita* níos lú ná 65 % de mheán an Aontais, agus trí fhoinsí nua cistithe a chruthú don Chiste Nuálaíochta. Déantar na rialacha maidir le hairgead ó na cistí ar féidir a chaitheamh a choigeartú, lena n-áirítear i gcomhréir leis na hathruithe ar ETS agus le cuspóirí beartais an Chomhaontaithe Ghlais. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ioncam uile na mBallstát ón gceantáil a **chur in áirithe** go héigeantach chun críocha aeráide.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún praghsáil carbóin a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais maidir le breoslaí iontaise d'**fhoirgnimh agus don iompar de bhóthar** chomh maith leis na bearta a dhéanfar faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, chun na laghduithe astaíochtaí is gá a bhaint amach do na hearnálacha sin i gcomhréir leis an sprioc fhoriomlán -55 % do 2030. Ba cheart **córas nua trádála neamhspleách** a bhunú ó 2025 le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar le hoibleagáidí comhlíonta ó 2026 arb é is aidhm dóibh laghduithe astaíochtaí 43 % i gcás na n-earnálacha sin faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Déanfar na laghduithe astaíochtaí a bhainfear amach faoin gcóras trádála astaíochtaí nua sin a áireamh agus a spriocanna náisiúnta á mbaint amach ag na Ballstáit faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. I dtosach, déanfar an uasteorainn (méid iomlán na lamháltas) a shocrú bunaithe ar shonraí arna mbailiú faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill le fachtóir laghdaithe línigh tosaigh arna socrú ag 5,15 %. Níl aon chóras beartaithe don leithdháileadh lamháltas in aisce. Is chun críocha aeráide agus fuinnimh a úsáidfear an t-ioncam ceantála uile agus déanfar 25 % den ioncam a thiomnú don Chiste Aeráide Sóisialta.

Chun leanúint de ETS cobhsaí dea-fheidhmiúil a áirithiú, tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar **chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh**, lena n-áirítear le forálacha a bhaineann leis an gcóras nua trádála neamhspleách. Tá sé d'aidhm ag togra ar leithligh an ráta iontógála a choinneáil ar bun ag 24 % den líon iomlán lamháltas i gcúrsaíocht go dtí 2030.

**An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR)**

Is é is aidhm don togra an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill 2018 a leasú chun é a ailíniú le sprioc nua an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030. Bunaítear le ESR spriocanna bliantúla gás ceaptha teasa do na Ballstáit in earnálacha nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí ná Rialachán LULUCF. **Níl aon athrú ar raon feidhme ESR** cé go gcuimsíonn an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí trádáil astaíochtaí go hiompar de bhóthar agus foirgnimh, a chumhdódh thart ar leath na n-astaíochtaí arna rialú ag ESR.

Baineann na príomhathruithe ar Rialachán reatha maidir le Comhroinnt Díchill le spriocanna agus solúbthachtaí. **Ardaítear** an sprioc fhoriomlán maidir le hastaíochtaí a laghdú i gcás na n-earnálacha arna gcumhdach do AE-27 **ó 29 % go 40 % faoi 2030** i gcomparáid le 2005. Dá réir sin, ardaítear chomh maith rannchuidiú na mBallstát don sprioc fhoriomlán, **ó 10 % go 50 %** faoi bhun leibhéil 2005. Fanfaidh an modh ríofa mar atá bunaithe ar **OTI *per capita***, agus líon teoranta **ceartuithe spriocdhírithe** á chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le costéifeachtúlacht chomh maith le himthosca sonracha roinnt Ballstát. Thairis sin, is é 12 phointe céatadáin an t-uasmhéadú sprice do Bhallstát aonair. Dála teorainneacha astaíochtaí bliantúla gach Ballstáit, tá trí chóras éagsúla i bhfeidhm: gan aon athrú ar an Rialachán atá ann faoi láthair in 2021-2022; an chonair a choigeartú go dtí an sprioc nua 40 % don tréimhse 2023-2025; agus an dara hathríomh a dhéanamh ar an gconair don tréimhse 2026-2030 agus sonraí maidir le hastaíochtaí cothrom le dáta á n-úsáid.

Molann an Coimisiún athruithe áirithe a dhéanamh ar na **solúbthachtaí** atá ann cheana féin, go háirithe solúbthacht LULUCF a roinnt ina dhá thréimhse 5 bliana agus na Ballstáit in ann leath den tsolúbthacht iomlán atá ar fáil dóibh faoi láthair a úsáid le linn gach ceann den dá thréimhse. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **cúlchiste breise** nua a bhunú trí aon chreidmheasanna LULUCF nár úsáideadh a aistriú tar éis 2030 chuig na Ballstáit a bhfuil ceal orthu chun cabhrú leo a spriocanna aonair faoi ESR a chomhlíonadh. Baineann coinníollacha sonracha le húsáid an chúlchiste, nach mbeadh ag feidhmiú ann féin ach amháin dá mbainfí amach sprioc -55 % an Aontais agus an teorainn á hurramú maidir le rannchuidiú glan-aistrithe a leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach.

**Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF)**

Is iad cuspóirí an athbhreithnithe ar an Rialachán atá ann faoi láthair rialacha agus spriocanna comhlíontachta níos simplí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí a leagan síos, aistrithe gás ceaptha teasa laistigh den Aontas a mhéadú go 310 milliún tona ar a laghad de choibhéis $CO_2$ faoi 2030, agus cuspóir a leagan síos d'earnáil talún san Aontas a bheidh aeráidneodrach faoi 2035.

**Go dtí 2025, fanann rialacha an Rialacháin LULUCF atá ann faoi láthair gan aon athrú den chuid is mó**, go háirithe an riail maidir leis an 'gealltanas faoi thoradh neodrach nó dearfach' agus na prionsabail chuntasaíochta. Os a choinne sin, **ó 2026 go 2030**, moltar **roinnt athruithe suntasacha**: Dáiltear an sprioc maidir le h**aistrithe a mhéadú go coibhéis 310 Tm $CO_2$ laistigh den Aontas faoi 2030** ar na Ballstáit mar **spriocanna náisiúnta** a léiríonn feidhmíocht mhaolaithe reatha gach Ballstáit san earnáil LULUCF agus a sciar den limistéar talún bainistithe san Aontas. Leathnaítear raon feidhme na sprice chuig gach catagóir tuairiscithe talún agus tá an comhlíonadh bunaithe ar astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe, seachas astaíochtaí agus aistrithe a dtugtar cuntas orthu, i bhfardail ghás ceaptha teasa. Áirítear sa phróiseas atá beartaithe an sainmhíniú ar chonair líneach a mbeidh sprioc fhoriomlán an Aontais in 2030 mar thoradh uirthi, agus déantar fo-spriocanna bliantúla a chinneadh do gach Ballstát trí ghníomhartha cur chun feidhme.

Baineann forálacha an togra leis an **tréimhse tar éis 2031** chomh maith: Ó 2031 amach, leathnófaí raon feidhme an Rialacháin chun **astaíochtaí neamh-$CO_2$ ón earnáil talmhaíochta a áireamh**, sa tslí sin chumhdófaí an earnáil talún ar fad le haon ionstraim beartais amháin d'fhonn sineirgí a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí maolaithe talamhbhunaithe. Leagtar amach sa togra chomh maith an aidhm **aeráidneodracht san earnáil chomhcheangailte a bhaint amach faoi 2035**, lena gceanglófar méadú suntasach ar aistrithe carbóin chun na hastaíochtaí talmhaíochta atá fós ann a chomhardú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún spriocanna aonair na mBallstát agus bearta uile-Aontais a mholadh ag céim níos déanaí don tréimhse tar éis 2030, faoi réir measúnú tionchair agus togra reachtach nua.

**Rialachán maidir le caighdeáin $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna**

Is é atá i gceist den chuid is mó leis an rannchuidiú ó chaighdeáin $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna chun uaillmhian ardaithe aeráide an Aontais a bhaint amach **spriocanna laghdaithe níos airde ar fud an Aontais** do 2030 agus sprioc nua 100 % a leagan síos do 2035, *de facto*, rud a fhágann nach gcuirfear aon ghluaisteáin ná veaineanna le hinneall dócháin inmheánaigh ar an margadh san Aontas Eorpach ó 2035 ar aghaidh. Leis na spriocanna atá beartaithe do 2030, leantar leis an idirdhealú idir gluaisteáin agus veaineanna: ardófar an sprioc do ghluaisteáin ó 37.5 % go 55 % agus an sprioc do veaineanna ó 31 % go 50 %.

Ina theannta sin, tiocfaidh deireadh leis an **scéim dreasachta d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle** in 2029 agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaidh monaróirí leas a bhaint aisti chun cabhrú leo a sprioc i leith laghduithe sonracha astaíochtaí a bhaint amach amhail ó 2030.

**Rialachán lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta**

Chun aghaidh a thabhairt ar **thionchair shocheacnamaíocha an chórais trádála astaíochtaí atá beartaithe d'fhoirgnimh agus d'iompar de bhóthar**, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Ciste Aeráide Sóisialta a bhunú. Bunaithe ar Phleananna Aeráide Sóisialta atá le forbairt ag na Ballstáit, is é is aidhm don Chiste **bearta tacaíochta agus infheistíochtaí** a chur ar fáil ar mhaithe le teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair nó úsáideoirí iompair, agus éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, téamh agus fuarú foirgneamh a dhícharbónú, fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chomhtháthú, chomh maith le rochtain ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle. Is féidir leis an gCiste **tacaíocht ioncaim dhíreach shealadach** a chumhdach chomh maith.

Leis an togra, leithdháiltear **EUR 72.2 billiún** ar an gCiste thar an tréimhse 2025-2032, trí mhodheolaíocht leithdháilte lena ndírítear ar dhul i ngleic leis an tionchar míchothrom a mheastar a bhainfidh leis an síneadh ar an gCóras Trádála Astaíochtaí atá beartaithe ar fud na mBallstát agus laistigh díobh. Ba cheart do na Ballstáit 50 % de chostais fhoriomlána na bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú iad féin agus leas á bhaint acu as ioncam ó cheantáil liúntas faoin gcóras nua.

Le bunú an Chiste caithfear **leasú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.**

**CEISTEANNA DO NA hAIRÍ**

I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar na hAirí tuairimí a mhalartú ag an gComhairle (Comhshaol) an 6 Deireadh Fómhair 2021 bunaithe ar an dá cheist seo a leanas:

- *Agus é á chur san áireamh gur cuid den phacáiste foriomlán 'Oiriúnach do 55' iad na cúig thionscnamh a bhaineann leis an aeráid dá dtagraítear thuas agus go bhfuil siad fite fuaite lena chéile, an bhfuil meascán cothromaithe de bheartais iontu lena n-áirithítear go mbainfear amach na laghduithe astaíochtaí is gá ar bhealach costéifeachtach chomh maith le comhroinnt chothrom an ualaigh idir earnálacha eacnamaíocha, na Ballstáit agus na saoránaigh?*

- *Go sonrach, an soláthraíonn na tionscnaimh sin, lena n-áirítear an córas nua trádála astaíochtaí atá beartaithe le haghaidh iompar de bhóthar agus foirgneamh, na sineirgí agus na dreasachtaí iomchuí chun an uaillmhian is gá a bhaint amach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon? I ndáil leis sin, conas a dhéantar measúnú ar rannchuidiú na dtograí aonair chun an uaillmhian mhéadaithe, mar atá cumhdaithe i nDlí Eorpach na hAeráide, a bhaint amach?*